
# CCTV



## Treoir do Rialaitheoirí Sonraí

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Treoir ar Úsáid CCTV – Do Rialaitheoirí Sonraí

## Clár an Ábhair

**Réamhrá** ..... 2
**An Beartas Cosanta Sonraí atá Molta** ..... 4
**An Cuspóir atá le hÚsáid a bhaint as CCTV** ..... 5
**Dlíthiúlacht na Próiseála** ..... 6
**Riachtanas agus Comhréireacht** ..... 7
**Trédhearcacht agus Cuntasacht** ..... 12
**Slándáil Sonraí Pearsanta** ..... 13
**Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus de réir Réamhshocrú** ..... 14
**Próiseálaithe Sonraí** ..... 14
**Coinneáil Sonraí Pearsanta** ..... 15
**CCTV san Áit Oibre** ..... 16
**Nochtadh CCTV do Thríú Páirtithe** ..... 20
**Rochtain chuig CCTV a chur ar fáil d'Ábhair Sonraí** ..... 20
**Faireachas faoi Cheilt** ..... 22
**Aghaidh-Aithint agus Sonraí Bithmhéadracha** ..... 22
**TCI a úsáid i limistéir ina bhfuil ionchas méadaithe príobháideachta ann** ..... 23

## Réamhrá

Tá sé i gceist go dtabharfaidh an treoir seo cuidiú d'úinéirí agus d'áititheoirí áitribh, go háirithe, na háitribh sin atá ina n-áiteanna oibre nó inrochtana don phobal seachas sin, lena bhfreagrachtaí agus a gcuid oibleagáidí a thuiscint maidir le cosaint sonraí agus CCTV á úsáid acu.

Breithnítear duine nó eagraíocht ar bith a bhailíonn agus a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta daoine aonair a bheith ina 'rialaitheoirí sonraí'.[1] Ar an gcúis seo, ní mór aon úsáid a bhaintear as córas CCTV a bhreithniú i bhfianaise oibleagáidí a fhorchuirtear ar rialaitheoirí sonraí tríd an reachtaíocht cosanta sonraí, agus a fhorfheidhmítear de réir prionsabail cosanta sonraí.

[1] Féach Airteagal 4(7) den GDPR

Tá leathnú suntasach tagtha ar chórais CCTV le blianta beaga anuas, mar gheall ar shofaisticiúlacht agus ar inacmhainneacht na teicneolaíochta. Baineann úsáidí dlisteanacha le córais CCTV ó thaobh áitribh a chosaint, tacú le bainistíocht shábháilte ar an áit oibre, agus cabhrú le coireacht a chosc agus a bhrath. Mar sin féin, mura núsáidtear CCTV go comhréireach, d'fhéadfadh údair imní eascairt as ó thaobh cur isteach neamhréasúnach agus neamhdhleathach ar chearta cosanta sonraí agus príobháideachais daoine aonair agus d'fhéadfadh monatóireacht agus faireachas iomarcach a bheith ag tarlú.

Ba chóir go mbeadh rialaitheoirí sonraí ar an eolas gurbh ionann píosa scannánaíochta agus íomhánna ar a bhfuil daoine aonair is féidir a aithint gafa ar chórais CCTV agus sonraí pearsanta chun críocha an dlí cosanta sonraí. Sa chás go mbaintear úsáid as próisis chun daoine aonair a dhéanamh doiléir nó a n-aitheantas a choinneáil faoi cheilt, breithnítear an píosa scannánaíochta agus na híomhánna fós a bheith ina sonraí pearsanta más féidir daoine aonair a aithint arís. Sa bhreis air sin, má ghabhtar píosa scannánaíochta nó íomhánna i dtús báire i bhfoirm is féidir a aithint agus má choinnítear a n-aitheantas faoi cheilt go buan ansin, fós clúdaíonn an dlí cosanta sonraí an phróiseáil suas go dtí an pointe a ndéantar an t-ábhar anaithnid.

Ba chóir go mbreithneoidh rialaitheoirí sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann na ceisteanna seo a leanas roimh chóras CCTV a shuiteáil. Déantar na saincheisteanna seo agus saincheisteanna eile a phlé go mion sna treoirlínte seo.

### *Seicliosta CCTV*

- ✓ **Cuspóir**: An bhfuil cuspóir soiléir agat chun CCTV a shuiteáil? Cad atá tú ag iarraidh a fheiceáil? An bhfuil an córas CCTV le húsáid chun críocha slándála amháin? Mura bhfuil, an bhfuil ar do chumas seasamh leis na cuspóirí eile? An mbeidh an úsáid atá á bhaint as sonraí pearsanta a bhailítear ar CCTV teoranta don chuspóir bunaidh sin?
- ✓ **Dlíthiúlacht**: : Cad é an bonn dleathach atá agat leis an úsáid atá tú chun a bhaint as CCTV? An bhfuil an bunús dlí a bhfuil tú ag brath air ar an mbunús is cuí?
- ✓ **Riachtanas**: An bhfuil ar do chumas a léiriú go bhfuil CCTV riachtanach le do chuspóir a bhaint amach? An bhfuil réitithe eile breithnithe agat nach mbailíonn sonraí pearsanta daoine aonair trí ghluaiseachtaí agus gníomhartha daoine aonair a taifeadadh ar bhonn leanúnach?
- ✓ **Comhréireacht**: Má tá chun an córas CCTV atá agat a úsáid chun críocha eile seachas slándáil, an bhfuil sé ar do chumas a léiriú go bhfuil na húsáidí eile seo comhréireach? Mar shampla, is féidir le monatóireacht a dhéanamh ar an fhoireann san áit oibre cur isteach go mór orthu agus ní mór go mbeadh cúis

mhaith leis trí thagairt a dhéanamh d'imthosca speisialta. D'éileodh monatóireacht ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta fianaise go raibh suiteáil córas CCTV comhréireach i bhfianaise saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta a tháinig chun cinn sular suiteáladh an córas CCTV. An mbeidh an taifeadadh CCTV a bheidh á dhéanamh agat tomhaiste agus réasúnach ó thaobh an tionchair a bheith aige ar dhaoine atá á dtaifeadadh agat? An mbeidh custaiméirí, comhaltaí foirne, an pobal á dtaifeadadh agat? An bhfuil cúis mhaith agat le CCTV a úsáid i gcomparáid leis an tionchar a bheidh aige ar dhaoine eile? An bhfuil ar do chumas a léiriú go bhfuil cúis mhaith leis an gcéim thromchúiseach a bhaineann le córas CCTV a shuiteáil a bhailíonn sonraí pearsanta ar bhonn leanúnach? D'fhéadfadh sé nár mhór duit tabhairt faoi Mheasúnú Tionchair Cosanta Sonraí leis na measúnuithe seo a dhéanamh go leordhóthanach.

- ✓ **Slándáil**: Cad iad na bearta a bheidh á gcur i bhfeidhm agat chun a chinntiú go bhfuil taifeadadh CCTV sábháilte agus slán, go teicniúil agus ar bhonn eagraíochtúla araon? Cé aige/aici i d'eagraíocht a mbeidh rochtain acu ar thaifeadadh CCTV agus conas a dhéanfar é a bhainistiú agus a thaifeadadh?
- ✓ **Coinneáil**: Cén t-achar a mbeidh na taifid á gcoinneáil agat, ag tógáil san áireamh nár chóir iad a choinneáil níos faide ná mar atá riachtanach do na críocha bunaidh a bhí agat?
- ✓ **Trédhearcacht**: Conas a chuirfidh tú daoine ar an eolas go bhfuil a gcuid íomhánna á dtaifead agat agus an bealach a bhfuil tú chun eolas eile a thabhairt dóibh atá riachtanach faoina hoibleagáidí trédhearcachta? An bhfuil breithniú déanta agat ar an mbealach gur féidir leo teagmháil a dhéanamh leat chun tuilleadh eolais a fháil, nó chun cóip de na taifid á éileamh?

## An Beartas Cosanta Sonraí atá Molta

Is dea-chleachtas do sheasamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le CCTV a úsáid I bhfoirm Beartas um Chosaint Sonraí CCTV a leagan amach. D'fhéadfadh feidhmiú beartais chuí a bheith ina bpríomhbheart, atá comhréireach, sa chás é a bheith riachtanach leis an ngníomhaíocht próiseála sonraí atá ar siúl.[2] Leagfar amach i ndeapholasaí na cúiseanna atá agat leis an gcinneadh úsáid CCTV a chur i bhfeidhm agus conas a dhéanfaidh tú é a bhainistiú. Cuideoidh scála an chórais CCTV agus an tionchar a bheith aige ar dhaoine aonair a mbeidh a gcuid íomhánna gafa air, le cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal na mionsonraí ba chóir a bheith san áireamh sa bheartas CCTV agus an bealach ina bhféadfaí an beartas a thabhairt ar aird/a chur ar fáil do dhaoine aonair.

[2] Féach Airteagal 24(2) den GDPR

Ba chóir beartas CCTV de shaghas ar bith a bhaineann leis an áit oibre a thabhairt ar aird na bhfostaithe ionas go mbeidh siad ar an eolas go hiomlán maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta ar an mbealach sin. Is féidir an beartas a fhoilsiú ar láithreán gréasáin oifigiúil leis an bpobal a d'fhéadfadh a bheith ag tabhairt cuairte ar an áitreabh a chur ar an eolas agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt maidir leis an mbealach ina mbaineann tú úsáid as CCTV. Cuideoidh sé leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) chun tuiscint a fháil ar an mbealach ar fheidhmigh tú na prionsabail maidir le próiseáil sonraí pearsanta i leith na húsáide atá tú a bhaint as CCTV i gcás imscrúdaithe nó iniúchadh.

Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais de shaghas ar bith ar bhonn rialta ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm ar an mbealach a bhí i gceist agus go ndéantar oiriúnú orthu i bhfianaise aon athruithe ábhartha ar imthosca. D'fhéadfadh sé gur tháinig athrú ar an gcás bunaidh a bhain le CCTV a shuiteáil, óna dteastaíonn athmheasúnú ar an riachtanas agus ar mhéid na húsáide atá á bhaint as.

## An Cuspóir atá le hÚsáid a bhaint as CCTV

Éilíonn prionsabail cosanta sonraí go mbeidh na sonraí pearsanta "*á mbailiú do chuspóirí sonracha, soiléire agus dlisteanacha agus ní dhéanfar próiseáil bhreise orthu ar bhealach nach gcomhoireann do na cuspóirí seo*".[3] Níor chóir sonraí pearsanta a bhailiú ar bhonn 'ar fhaitíos na bhfaitíos', níor chóir sonraí pearsanta a bhailiú ach amháin sa chás cuspóir atá aitheanta go soiléir a bheith leis. Cinntíonn an tsoiléireacht seo maidir le cuspóir, go mbeidh tuiscint ag rialaitheoirí sonraí agus ag a gcuid fostaithe ar an gcúis go bhfuiltear ag bailiú agus ag próiseáil sonraí pearsanta. D'fhéadfadh sé freastal freisin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar údair imní atá ag daoine aonair nuair atá tuiscint acu ar an gcuspóir a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil.

Is í an chéad chéim le húsáid CCTV a chur i bhfeidhm ná an cuspóir/na cuspóirí lena leithéid a dhéanamh a aithint go soiléir. D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith le suiteáil CCTV, ar nós slándáil an áitribh a chinntiú, cuidiú le gadaíocht agus le coireanna eile a chosc agus a bhrath, tacú le cothabháil a dhéanamh ar chaighdeáin sláinte agus sábháilteachta san áit oibre. Is é an cás a bhíonn ann go minic ná go mbaineann níos mó ná aon chuspóir amháin leis an gcás, ach tá sé tábhachtach go n-aithneofaí na cuspóirí atá leis ón tús.

[3] Féach Airteagal 5(1)(b) den GDPR

## Dlíthiúlacht na Próiseála

Mar a chéile le próiseáil ar bith a dhéantar ar shonraí pearsanta, ní mór go mbeidh bunús dlí ag an taifeadadh a dhéantar ar íomhánna inaitheanta daoine faoin na creataí reachtaíochta cosanta sonraí. Nuair a bhíonn cuspóir nó cuspóirí chun CCTV a shuiteáil aitheanta, ní mór d'úinéir/áititheoir an áitribh bunús dlí cuí a bhaineann leis an bpróiseáil sonraí a bheidh ar siúl a aithint freisin.

D'fhéadfadh toiliú duine aonair ó thaobh a chuid/a cuid sonraí pearsanta a phróiseáil bunús dlí a chur ar fáil le sonraí a phróiseáil;[4] mar sin féin, ní dócha go mbeidh baint aige seo le formhór na n-úsáidí a bhaintear as CCTV, mar go mbeidh sé thar a bheith deacair toiliú faoi shaoirse an uile dhuine a ndéantar taifeadadh orthu a fháil go héasca.

Ó thaobh údaráis phoiblí, ní mór go mbeidh bunús dlí le húsáid CCTV sa chás go bhfuil sé riachtanach tabhairt faoin tasc ar mhaithe le leas an phobail, nó ar mhaithe le húdarás oifigiúil a fheidhmiú.[5] D'fhéadfadh bunús dlí a bheith ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun CCTV a úsáid chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí.[6] Tugtar aghaidh ar bhonn níos mine ar an gcineál seo úsáide a shainmhíniú sa treoir ar láithreán gréasáin an DPC maidir le próiseáil chun críocha forfheidhmithe dlí.

Is minic, go bhféadfadh úinéirí agus áititheoirí áitribh tabhairt faoi phróiseáil CCTV ar mhaithe le leasanna dlisteanacha ó thaobh a gcuid maoine agus earraí a chosaint agus le cothabháil a dhéanamh ar shábháilteacht daoine a bhaineann úsáid as a gcuid foirgnimh agus as na ceantair atá mórthimpeall orthu. Is féidir le leasanna dlisteanacha den sórt seo (leasanna rialaitheora sonraí nó tríú páirtí) bunús dlí a chur ar fáil do phróiseáil sonraí pearsanta, ar an gcoinníoll go bhfuil leasanna an rialaitheora sonraí nó tríú páirtí cothromaithe le agus nach bhfuil siad á sárú ag cearta an duine aonair a bhfuil próiseáil a dhéanamh ar a gcuid sonraí.[7] Nuair atáthar ag brath ar leasanna dlisteanacha mar bhunús dlí le húsáid a bhaint as CCTV, ba chóir go mbeadh ar chumas an rialaitheora sonraí a léiriú gur ar mhaithe lena leasanna i ndáiríre atá an phróiseáil á déanamh, go bhfuil próiseáil riachtanach ar mhaithe leis an gcuspóir/cuspóirí atá aitheanta acu a bhaint amach agus nach bhfuil tionchar díréireach ar na daoine aonair a bhfuil próiseáil á dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta. Tá níos mó ráite faoina coincheapa seo sa chéad chuid eile.

---

[4] Féach Airteagal 6(1)(a) den GDPR
[5] Féach Airteagal 6(1)(e) den GDPR
[6] Féach Treoir (AAE) 2016/680, an 'Treoir madiir le Forfheidhmiú an Dlí' nó 'LED', a rinneadh a thrasuíomh go dlí na hÉireann ag an Acht um Chosaint Sonraí 2018, go háirithe Cuid 5 den Acht sin
[7] Féach Airteagal 6(1)(f) den GDPR

## Riachtanas agus Comhréireacht

Ní mór go mbeidh ar chumas rialaitheoir sonraí a léiriú go bhfuil údar aige/aici le húsáid a bhaint as córas CCTV, go bhfuil sé riachtanach lena gcuspóirí a bhaint amach agus go bhfuil sé comhréireach araon ó thaobh an tionchair a bheith aige ar na daoine sin atá á dtaifeadadh. Ciallaíonn riachtanas próiseála agus úsáid á bhaint as córas CCTV níos mó ná an córas CCTV a bheith úsáideach leis an gcuspóir a bhaint amach. Ní mór go mbeidh ar chumas rialaitheoir sonraí a léiriú cén fáth go bhfuil CCTV riachtanach don chuspóir atá i gceist. Cuideoidh measúnú ar an gcás atá taobh thiar den chinneadh CCTV a shuiteáil agus ar na tionchair phraiticiúla a bheidh ag úsáid a bhaint as lena chinneadh cibé an bhfuil údar maith lena shuiteáil.

Ba chóir go dtógfadh measúnú ar an riachtanas atá le CCTV na prionsabail maidir le 'híoslaghdú sonraí' san áireamh, a éilíonn go ndéanfar a laghad agus is féidir de shonraí pearsanta a phróiseáil le cuspóir a bhaint amach, agus más féidir é gur chóir próiseáil sonraí pearsanta a sheachaint. Más rud é gur cruthaíodh go raibh gníomhartha eile ar nós maoirseacht nó fostú foireann slándála neamhéifeachtach, d'fhéadfadh sé go léireodh sé sin go bhfuil suiteáil CCTV ina fhreagra comhréireach.

Ciallaíonn comhréireacht nach mór go mbeidh próiseáil ar bith ar shonraí pearsanta tomhaiste agus réasúnach i dtéarmaí a chuid cuspóirí. Ba chóir go dtógfadh measúnú ar chomhréireacht úsáid CCTV, fachtóirí san áireamh ar nós méid an limistéir atá le clúdach, agus mar gheall air sin, an líon ceamaraí a bheith á n-úsáid. Nuair a chuirtear san áireamh an bealach ina bhféadfadh ceamaraí CCTV cur isteach go mór ar dhaoine, agus nár chóir go dtarlóidh monatóireacht foirne agus úsáid á bhaint as córas CCTV ach in imthosca speisialta, ba chóir go mbreithneoidh fostóirí an líon foirne a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar ag úsáid ceamaraí CCTV do chríocha eile i dtimpeallacht na háite oibre agus an méid monatóireachta a dhéanfar orthu ar feadh an achair a bheidh said ag obair. Ba chóir measúnú a dhéanamh ar an méid de limistéir phoiblí a bheidh faoi fhaireachas agus ar an méid monatóireachta a dhéanfar ar an bpobal, lena n-áirítear, cibé an mbeidh tionchar aige ar dhaoine óga nó ar dhaoine soghonta. Ní mór, i ngach cás, an tionchar a bheidh ag taifeadadh CCTV ar an méid a mbeidh daoine ag súil leis ó thaobh príobháideachais agus iad san fhoirgneamh, a thógáil san áireamh.

Is féidir, ag brath ar na fachtóirí seo, measúnú a scálú de réir mar is cuí; le measúnú leordhóthanach a dhéanamh cibé a n-éileoidh úsáid córas CCTV ar scála mór measúnú tionchair ar chosaint sonraí (DPIA), go háirithe má sholáthraíonn an córas, "monatóireacht chórasach mórscála ar limistéar atá inrochtana don phobal".[8] Tá rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i gceist le tabhairt faoi DPIA rathúil. I gcomhthéacs fostaíochta, d'fhéadfadh sé go n-áireodh sé sin ceardchumann nó

[8] Féach Airteagal 35(3)(c) den GDPR

ionadaithe sábháilteachta. I limistéar atá inrochtana don phobal a bhféadfadh leanaí a bheith ag baint úsáide as, d'fhéadfadh sé a bheith ina bhuntáiste tuairimí na dtuismitheoirí a fháil sula gcuirtear clár CCTV i bhfeidhm. Ba chóir, sa mhéid go bhfuil leanaí nó daoine óga i láthair in áitreabh ar nós na scoile nó ag club óige, go mbeidh baint aige le haon bhreithniú a dhéantar ar úsáid CCTV. Is féidir tuilleadh treorach a fháil maidir le tabhairt faoi mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí ar láithreán gréasáin an DPC.

Cuireann an próiseas measúnaithe deis ar fáil freisin le breithniú a dhéanamh ar fhachtóirí maolaithe a mbeidh ar a gcumas tionchar na próiseála ar na daoine aonair atá i gceist a mhaolú. Mar shampla, mura gcastar air na ceamaraí ach amháin le háitreabh a chosaint lasmuigh d'uaireanta oibre, déanfaidh sé laghdú ar scála na próiseála atá ar siúl. Déanfaidh, seachaint ceamaraí a shuiteáil i limistéir ina bhfuil ardionchais ag daoine ó thaobh príobháideachais, ar nós leithris, tionchar ó thaobh cur isteach a laghdú tuilleadh.[9]

Sa chás Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) a bheidh ceaptha ag eagraíocht, ba chóir dul I gcomhairle leis/léi maidir le tabhairt faoi aon mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí.

### *Measúnú ar Riachtanais agus Comhréireacht – Samplaí*

Tá sé i gceist leis na cásanna samplacha seo léiriú a dhéanamh ar an leibhéal measúnaithe a bheadh cuí nuair atáthar i mbun breithnithe ar CCTV i gcásanna éagsúla. Tá sé mar fhreagracht, i ngach cás, ar úsáideoir CCTV údar maith a bheith aige/aicí le CCTV a fheidhmiú ar bhonn riachtanais agus comhréireachta. Ba chóir tabhairt faoin measúnú cibé an bhfuil cúis mhaith le córas CCTV a chur i bhfeidhm, ar bhealach atá cothrom agus breithniú iomlán á dhéanamh ar roghanna malartacha a chuideodh leis an gcuspóir céanna a bhaint amach.

[9] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le TCI a úsáid i limistéir ina bhfuil ionchas méadaithe príobháideachta ann

**Sampla 1:** Tá sé ar intinn ag úinéir siopa áise córas CCTV a shuiteáil chun cuidiú le gadaíocht a chosc agus a bhrath agus le slándáil an áitribh san oíche a chosaint. Bhí an siopa, chomh maith le siopaí eile sa cheantar, faoi réir ag robálacha agus ag bradaíl siopa le gairid anuas.  Aithníonn an siopadóir cosc agus brath coireachta agus sábháilteacht comhaltaí foirne mar cuspóirí le CCTV a shuiteáil. Tá údar maith ag an siopadóir le CCTV a úsáid, bunaithe ar an mbagairt leanúnach ó choiriúlacht agus an easpa réitigh malartacha atá inmharthana.

Tagann an siopadóir ar chinneadh go gclúdóidh ceamaraí laistigh an limistéar atá inrochtana don phobal, san áit ar tharla an bhradaíl siopa san am a caitheadh agus an limistéar ina bhfuil an scipéad airgid, san áit a bhfuil an fhoireann i mbaol ó thaobh robáil. Beidh ceamara seachtrach dírithe ar dhoras an tsiopa. Nuair a bhí an siopadóir ag déanamh cinneadh maidir leis an áit a raibh na ceamaraí le cur, sheachain sé/sí taifeadadh a dhéanamh sna limistéir ina bhféadfadh an fhoireann ag dul le haghaidh briseadh agus cinntíonn sé/sí go mbíonn an ceamara seachtrach dírithe ar an mbealach isteach sa siopa agus ní ar an tsráid phoiblí.

Ag tógáil na próiseála teoranta atá ag tarlú san áireamh, ní dóigh go gcruthóidh an phróiseáil seo baol ó thaobh cearta agus saoirsí an duine aonair. Mar thoradh air sin, ní éileoidh an cineál seo suiteála anailís ghrinn ar thionchar cosanta sonraí. Tá an cuspóir atá leis an gcóras agus le leasanna dlisteanacha an tsiopadóra soiléir. Ba chóir don siopadóir, le linn próiseas measúnaithe, bearta eile a thógáil san áireamh, ar nós foireann bhreise nó foireann slándála a fhostú.

Ar chóir don siopadóir leanúint ar aghaidh le córas CCTV, ba chóir, áfach, na cúiseanna agus an cinneadh leis an gcóras a shuiteáil, an bealach ina bhfuil sé ceangailte, cén t-achar a gcoinneofar é agus cé na cuspóirí atá le húsáid an chórais, a thaifeadadh. Beidh sé riachtanach freisin faisnéis thrédhearcach a chur ar fáil do dhaoine aonair atá faoi thionchar.

**Example 2:** Tá sé ar intinn ag úinéir saoráid mhór stórála córas CCTV a shuiteáil tar éis briseadh isteach lasmuigh d'uaireanta gnó agus ag an deireadh seachtaine, tá na heachtraí seo ag tarlú réasúnta minic. Tharla líon timpistí a bhain le láimhsiú sa láthair oibre freisin agus ní bhfuarthas amach go díreach cé na cúiseanna a bhí leo.

Is é an cuspóir atá aitheanta le CCTV a úsáid, cuidiú le cosc a chur ar bhriseadh isteach agus sláinte agus sábháilteacht na gcomhaltaí foirne a fheabhsú. Tugann an t-úinéir údar maith le CCTV a úsáid, bunaithe ar an ngá le monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil na saoráide lasmuigh d'uaireanta gnó agus chun cuidiú le bainistíocht a dhéanamh ar shláinte agus ar shábháilteacht.

Cé go bhfuil an tsaoráid mór agus go bhfuil roinnt ceamaraí seachtracha riachtanach le clúdach a chur ar fáil, níl sé inrochtana don phobal ag am ar bith. Mar gheall air seo, cinneann an t-úinéir nach ndéanfar monatóireacht ar an spás poiblí ar scála mór. Déanann an t-úinéir cinneadh freisin nach bhfuil na ceamaraí laistigh riachtanach ach amháin sna limistéir den tsaoráid ina bhfuil earraí á stóráil agus ina bhféadfadh timpistí tarlú, le monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus ar shábháilteacht. Ní chuirfear ceamaraí i limistéar na hoifige, I limistéir scíthe nó i leithris.

Sa chás seo, beidh an measúnú ar thionchar an chórais CCTV réasúnta simplí mar gheall nach mbíonn daoine den phobal ar an láthair agus mar gheall ar dhíriú na gceamaraí laistigh ar na limistéir oibre ábhartha. Ní mór d'úinéir na saoráide aghaidh a thabhairt ar ionchas dlisteanach na foirne ó thaobh príobháideachais trí bhealaí measúnaithe a chinntíonn go bhfuil faisnéis leordhóthanacha curtha ar fáil dóibh maidir le próiseáil a gcuid sonraí, go hidéalach trí bhealaí beartas cosanta sonraí

Ba chóir d'úinéir na saoráide bearta eile a bhreithniú freisin nó meascán de bhearta eile in ionad CCTV, a chuideodh leis na cuspóirí céanna a bhaint amach. Mar shampla, chuideodh feabhas a chur ar an bhfál teorann agus córais aláraim a shuiteáil leis an tsaoráid a choinneáil slán lasmuigh d'uaireanta gnó. Maidir le sláinte agus le sábháilteacht, níor choir monatóireacht trí CCTV a bhreithniú mar mhalairt ar oiliúint foirne agus ar sholáthar trealamh cosanta foirne.

Mar a bhí luaite thuas atá, beidh sé riachtanach d'úinéir na saoráide stórála, doiciméadú a dhéanamh ar an bpróiseas cinnteoireachta a chiallaigh go raibh údar maith le CCTV a chur I bhfeidhm agus le faisnéis thrédhearcach a chur ar fáil do na daoine atá faoi thionchar.

**Sampla 3**: Tá sé i gceist ag Bainisteoir Saoráidí ollscoile córas CCTV a shuiteáil ar fud an champais, lena n-áirítear ceamaraí i ngach foirgneamh agus ceamaraí seachtracha a chlúdaíonn na tailte chun cuidiú le slándáil agus le sábháilteacht. Áirítear ar na foirgnimh atá ar an gcampas, saoráidí acadúla, ionaid riaracháin, árais chónaithe do mhic léinn, agus taitneamhachtaí spóirt agus caitheamh aimsire. Tá tailte an champais oscailte don phobal agus baineann muintir na háite, lena n-áirítear, leanaí, úsáid astu go minic do chríocha caitheamh aimsire. Tá an campas inrochtana ar bhonn laethúil do na mílte mac léinn, fostaithe, conraitheoirí agus daoine den phobal atá ar cuairt.

Sa chás seo, léiríonn scála an chórais ar fud láithreacha éagsúla chomh maith le líon mór daoine aonair ar fud réimse leathan catagóirí, go bhféadfadh baol mór a bheith ann ó thaobh na próiseála atá i gceist agus go mbeidh measúnú grinn ar thionchair féideartha próiseála sonraí pearsanta riachtanach. D’fhéadfadh sé go gcáileodh córas CCTV ar an scála seo mar “monatóireacht chórasach mórscála ar limistéar atá inrochtana don phobal”, agus bheadh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) iomlán riachtanach. Tástálfar trí phróiseas DPIA, an riachtanas a bhaineann le ceamaraí a chur i bhfoirgnimh agus i limistéir sheachtracha. Ní mór don ollscoil, mar fhostóir, breithniú a dhéanamh freisin ar thionchar CCTV ar ionchas dlisteanach príobháideachais na bhfostaithe agus an iomarca monatóireachta i láithreacha oibre a sheachaint.

Ba chóir don ollscoil, mar chuid de rannpháirtíocht chuimsitheach páirtithe leasmhara le linn a bheith i mbun stiúrtha ar an DPIA, éisteacht le tuairimí na bhfostaithe, cuallacht na mac léinn agus teaghlaigh comharsanachta a d’fhéadfadh an campas a úsáid do chríocha caitheamh aimsire. Ciallaíonn sé sin go bhfuiltear ag tabhairt aird chuí ar chearta príobháideachais gach aon ghrúpa de na grúpaí seo.

D’fhéadfadh sé go léireodh próiseas an DPIAI, ó thaobh tionscadal ar scála mór, mar an sampla seo, nach bhfuil údar maith le CCTV a shuiteáil sa chás seo mar gheall ar oiriúnacht bearta eile nó an tionchar comhréireach a bheidh aige ar na daoine aonair a bheidh thíos leis. Is próiseas leanúnach atá i bpróiseas DPIA a stiúradh. Ba chóir aon chinneadh ó thaobh bearta ar nós CCTV a fheidhmiú a athbhreithniú tar éis na suiteála ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an úsáid a bhí i gceist leis á bhaint as agus go bhfuil údar maith le leanúint ar aghaidh ag úsáid an chórais Léireoidh riachtanais trédhearcachta sa chás seo scála úsáide CCTV. Is suas don ollscoil cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr le faisnéis a sholáthar do na catagóirí éagsúla ábhar sonraí. Ba chóir dul i gcomhairle le hOifigeach Cosanta Sonraí (DPO) na hollscoile le linn gach céim den phróiseas.

## Trédhearcacht agus Cuntasacht

Ciallaíonn prionsabal na trédhearcachta go bhfuil sé de cheart ag daoine aonair a bheith ar an eolas maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta.[10] Is féidir fógra maidir le húsáid CCTV a thabhairt de ghnáth trí chomharthaí atá éasca le léamh agus soléite a chur in áiteanna atá feiceálach. Beidh comhartha ag gach bealach isteach a léiríonn an cuspóir atá le córas CCTV agus bíonn mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí leordhóthanach de ghnáth. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a chur ar fail do dhaoine a ndéantar taifeadadh ar a gcuid íomhánna ar chóras CCTV, go díreach nó ar bhealach atá inrochtana go héasca:

- Céannacht agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí
- Mionsonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí, má tá oifigeach ceaptha
- Na críocha á bhfuil na sonraí á bpróiseáil
- An cuspóir agus bunús dlí atá leis an bpróiseáil
- Aon tríú páirtí a bhféadfaí sonraí a nochtadh leo
- Na socruithe slándála do phíosaí scannánaíochta CCTV
- An tréimhse choinneála do phíosaí scannánaíochta CCTV
- Na cearta atá ag ábhair sonraí agus an ceart chun gearán a chur faoi bhráid an DPC

Tá sé mar fhreagracht ar gach rialaitheoir sonraí cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is cuí leis an fhaisnéis atá riachtanach a tharchur, ag tógáil san áireamh an dream a bhfuil sé i gceist lena n-aghaidh. Tá 'Treoirlíne ar Thrédhearcacht faoin GDPR' a thugann comhairle ar tharchur faisnéise do dhaoine aonair le freastal ar na ceanglais trédhearcachta faoin GDPR, glactha ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB).

I dtéarmaí prionsabal na cuntasachta, éilíonn an GDPR ar rialaitheoirí sonraí a bheith freagrach as comhlíonadh na bprionsabal a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ach a bheith ar a gcumas a léiriú chomh maith go bhfuil siad comhlíontach. Ceanglaítear ar fhormhór na rialaitheoirí sonraí, go háirithe eagraíochtaí atá níos mó, taifead a choinneáil dá gcuid gníomhaíochtaí próiseála go léir agus ba chóir go n-áireodh an taifead seo aon úsáid a bhaintear as córais CCTV agus aon rioscaí cosanta sonraí atá i gceist. Tá sé tábhachtach, sa chás gur tugadh faoi mheasúnú ar shuiteáil CCTV go mbeadh sé sin san áireamh sna taifid atá á gcoinneáil ag rialaitheoirí sonraí. Ba choir tabhairt faoi sin ar bhealach ina leagtar amach go soiléir, riachtanas, comhréireacht, réasúnaíocht agus critéar measúnachta agus an próiseas a thugann údar leis an gcinneadh.

[10] Féach Airteagail 5, 12, 13, agus 14 den GDPR maidir le hoibleagáidí trédhearcachta go háirithe

## Slándáil Sonraí Pearsanta

Nuair a shuiteálann úinéir/áititheoir áitribh córas CCTV agus údar maith leis mar bheart atá riachtanach agus comhréireach, beidh an duine sin ina rialaitheoir sonraí chun críocha an dlí cosanta sonraí. Ní mór do rialaitheoirí sonraí an aird chuí a thabhairt ar stóráil sábháilte sonraí pearsanta agus ar fheidhmiú bearta slándála cuí.

Tá rialaitheoirí sonraí faoi oibleagáid bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur I bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil sonraí pearsanta á gcoinneáil slán ó aon phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, caillteanas de thimpiste, scrios nó damáiste. Ó thaobh córais CCTV, d'fhéadfadh sé go n-áireodh sé seo rochtain chuig píosa scannánaíochta CCTV a theorannú agus úsáid a bhaint as criptiú agus as cosaint le pasfhocal d'fhearais ar phíosaí scannánaíochta CCTV. Ba chóir pasfhocail chineálacha nó pasfhocail chomhroinnte a sheachaint chun an baol go bhféadfaí úsáid mhíchuí a bhaint as an gcóras agus nach mbraithfí a leithéid in am a sheachaint. Ba choir cothabháil a dhéanamh ar an meán stórála i dtimpeallacht atá slán agus d'fhéadfadh úsáid agus athbhreithniú rialta logleabhar rochtana dearbhú a chur ar fáil nach bhfuil rochtain agus nach féidir ach le foireann údaraithe amháin féachaint ar na píosaí scannánaíochta.

Tugann roinnt córais CCTV an deis le píosaí scannánaíochta a rochtain ó chian, trí fhón póca, mar shampla. Tá cianrochtain chuig ceamaraí CCTV, cibé bealach, ag éirí i bhfad níos forleithne leis an dul chun cinn sa teicneolaíocht. Tá teicneolaíocht den sórt sin úsáideach i dtéarmaí monatóireacht slándála foirgneamh a chur ar fáil le linn na hoíche agus ar an deireadh seachtaine. Mar sin féin, ní mór do rialaitheoirí a bhíonn ag úsáid cianrochtain aon bhaol breise a d'fhéadfadh a theacht chun cinn ó fheidhmiúlacht den sórt i leith nochtadh neamhúdaraithe a bhreithniú, agus d'fhéadfadh údar imní eile eascairt sa chás go bhfuil cianrochtain ag tarlú maidir le limistéir ar nós áiteanna oibre a bhfuil foireann iontu agus ina bhfuil oibrithe den tuairim go bhfuil monatóireacht ó thaobh a gcuid gníomhaíochtaí oibre á dhéanamh ar bhonn beo. D'fhéadfadh sé go mbeadh cathú ar fhostóirí teicneolaíochtaí den sórt sin a úsáid in ionad maoirseacht ar an talamh le foireann bhainistíochta; ní dócha go mbeidh údar maith le monatóireacht nó faireachais den chineál seo.

Ba chóir go mbeidh beartais agus prótacail láidre ar aon dul le feidhmiú bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla lena n-éifeachtúlacht leanúnach a chinntiú. Ba choir athbhreithniú agus tástáil a dhéanamh go minic ar rialúchán rochtain agus ba choir feabhas nó uasghrádú a dhéanamh ar bhearta slándála nuair is gá.

## Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus de réir Réamhshocrú

Tá sé mar oibleagáid ar rialaitheoirí sonraí cloí le prionsabail cosanta sonraí trí dhearadh agus de réir réamhshocrú. Éilíonn cosaint sonraí trí dhearadh go ndéantar na bearta cuí a chomhtháthú le prionsabail cosanta sonraí ag an gcéim phleanála d'aon oibríocht próiseála sonraí agus go ndéantar iad a chothabháil ag gach céim. Ciallaíonn sé seo, go dtugtar aghaidh, agus breithniú á dhéanamh ar fheidhmiú CCTV, ar údair imní maidir le cosaint sonraí ag an gcéim is luaithe den tionscadal.

Éilíonn cosaint sonraí de réir réamhshocrú go gcuirtear bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm lena chinntiú nach ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta ach amháin nuair atá sé riachtanach do chuspóir sonrach. Ó thaobh córas CCTV a leathadh amach, beidh baint aige, mar shampla, le suíomh na gceamaraí, fócas na gceamaraí agus cumas na gceamaraí, feidhmiúlacht na gceamaraí (an bhfuil feidhmiúlacht peanála, claonta nó zúmála acu?) agus gnéithe clúdaithe ó thaobh príobháideachais, chomh maith leis an tréimhse coinneála cuí a chinneadh. Ba chóir go mbeidh lucht úsáide córais CCTV ar an eolas go bhféadfadh úsáid na ngnéithe áirithe, ar nós cumas zúmála, tuilleadh cur isteach a dhéanamh ar príobháideachais an duine aonair.

## Próiseálaithe Sonraí

Is minic gur conraitheoirí tríú páirtí a dhéanann bainistíocht ar chórais CCTV thar ceann úinéirí áitribh. Is féidir comhlachtaí slándála a shuiteálann agus a oibríonn ceamaraí thar ceann cliaint a bhreithniú mar "phróiseálaithe sonraí", tráth a ndéanann said próiseáil ar shonraí pearsanta faoi threoir ó rialaitheoir sonraí (a gcliant), faoi réir ag conradh.

Cuireann an dlí cosanta sonraí líon oibleagáide ar phróiseálaithe sonraí. Áirítear orthu seo, bearta slándála cuí a bheith i bhfeidhm le rochtain neamhúdaraithe, nó athrú neamhúdaraithe, nochtadh nó scrios na sonraí a chosc, go háirithe má tá tarchur sonraí thar líonra i gceist leis an bpróiseáil agus in aghaidh gach cineál próiseála atá neamhdhleathach. Is féidir freastal ar an oibleagáid seo trí bhearta ar nós rialúcháin rochtana cuí i leith stórála íomhánna nó criptiú láidir sa chás go gceadaítear cianrochtain do thaifeadadh beo, a fheidhmiú. Ní mór go mbeidh foireann an chomhlachta ar an eolas ó thaobh a gcuid oibleagáidí maidir le slándáil sonraí.

Ba chóir go mbeidh conradh i bhfeidhm ag cliaint an chomhlachta slándála, ina dtugtar mionsonraí maidir leis an méid a bheidh á dhéanamh ag an gcomhlacht slándála leis na sonraí, na caighdeáin slándála atá i gceist, agus cé chomh fada is a bheidh na sonraí á gcoinneáil. Tabhair ar aird, le do thoil, an treoir maidir le conarthaí próiseála sonraí atá le fáil ar láithreán gréasáin an DPC.

## Coinneáil Sonraí Pearsanta

Ceanglaítear faoin dlí cosanta sonraí nach gcoinneofar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá leis an gcuspóir aitheanta lenar próiseáladh na sonraí a bhaint amach. Ní shainmhínítear tréimhsí coinneála sonraí sa dlí. Ní mór go mbeidh údar maith ag rialaitheoir sonraí le tréimhse choinneála sonrach agus d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí sonraí a choinneáil ar bhunús 'ar fhaitíos na bhfaitíos'. D'fhéadfadh sé gur mhian le rialaitheoir sonraí eachtraí nó cásanna roimhe seo a bhreithniú a bhí mar chúis le rochtain chuig píosaí scannánaíochta CCTV a fháil le cuspóir a bhaint amach agus go bhféadfadh baint a bheith aige leis an tréimhse choinneála.

Mar shampla, ceanglaítear faoi Alt 8 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 sa chás go seirbheáiltear litir éilimh i ngníomh díobhálach pearsanta aon mhí amháin tar éis na timpiste, go dtiocfaidh an chúirt ar cibé tátal is dealraitheach a bheith cóir. Meastar, dá réir sin, tréimhse choinneála 30-lá do phíosaí scannánaíochta CCTV a bheith comhréireach agus a bheith cothrom chun críche gníomh díobhálach pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann a chosaint. Bheadh sé deacair, i gcás gnáthchóras slándála, údar maith a thabhairt le coinneáil a théann thar aon mhí amháin, seachas sa chás go naithnítear saincheist sna híomhánna – ar nós briseadh isteach nó goid – agus coinnítear na sonraí go sonrach i gcomhthéacs tabhairt faoi imscrúdú ar an tsaincheist sin.

Ba chóir go mbeidh an tréimhse choinneála ar an tréimhse choinneála is giorra leis an gcuspóir ar suiteáladh an córas a bhaint amach agus ba chóir go dtabharfadh sé am leordhóthanach do rialaitheoir le hathbhreithniú a dhéanamh ar aon phíosaí scannánaíochta atá riachtanach sula scriostar na sonraí. Sá chás go bhfuil tréimhse choinneála de réir réamhshocrú ag córas nó ag gaireas taifeadta CCTV, ba chóir don rialaitheoir sonraí athbhreithniú a dhéanamh air seo, agus é a chur i gcomparáid lena measúnú féin ó thaobh na tréimhse coinneála atá riachtanach le coinneáil sonraí ar feadh achar níos faide ná mar is gá a sheachaint.

Sa chás go n-aithnítear píosaí scannánaíochta a bhaineann le heachtra sonrach d'fhéadfadh údar maith a bheith le tréimhse choinneála atá níos faide ó thaobh na coda áirithe de na píosaí scannánaíochta atá i gceist, ar nós go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ar thimpiste san áit oibre nó go bhféadfaí úsáid a bhaint as na píosaí scannánaíochta mar fhianaise in imeachtaí coiriúla. Ba chóir na píosaí scannánaíochta a choinneáil ar leataobh ón taifeadadh ginearálta agus é a choinneáil slán chun na críocha atá tagtha chun cinn.

## CCTV san Áit Oibre

Cé go bhféadfadh cúiseanna dlisteanacha a bheith ag fostóirí in imthosca aneisceachtúil agus an-speisialta chun CCTV a shuiteáil, d'fhéadfadh ionchais dlisteanacha a bheith ag fostaithe freisin nach gcuirfear isteach go comhréireach ar a gcuid príobháideachais. Nuair is féidir, ba chóir ceamaraí a dhíriú ar limistéir lena mbaineann baol áirithe, m.sh. ag meaisín bainc nó in áiteanna atá deacair le feiceáil. Ba choir taifeadadh CCTV a sheachaint i limistéir ina bhfuil fostaithe ag súil le príobháideachas, ar nós seomraí scíthe, seomraí feistis agus leithris.[11] Tá an tairseach le húdar maith a bheith le CCTV in áiteanna den sórt sin ag an leibhéal is airde agus tá sé an-deacair de ghnáth, an tairseach sin a bhaint amach.

Ba chóir fógra soiléir a thabhairt d'fhostaithe go bhfuil monatóireacht CCTV ar siúl agus eolas a thabhairt dóibh cén fáth go bhfuil a leithéid ar siúl. Más féidir údar maith a thabhairt le húsáid CCTV mar gheall ar chuspóir sonrach, ar nós sláinte agus sábháilteacht, níor chóir é a úsáid do chuspóir eile ar nós monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal nó ar fheidhmíocht na foirne.

D'fhéadfadh conspóid a bheith le húsáid CCTV san áit oibre agus, go ginearálta, ní bhreithnítear é a bheith ina uirlis chuí le monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal nó ar fheidhmíocht na foirne. Mar sin féin, d'fhéadfadh cásanna a theacht chun cinn ina bhféadfadh gá a bheith ag fostóir le píosa scannánaíochta CCTV chun críche seachas an ceann a bhí aitheanta nuair a cuireadh tús le himscrúdú ar líomhain maidir le mí-iompar tromchúiseach nó ar ábhar smachta eile. D'fhéadfadh sé a bheith dlisteanach má thugtar faoi go dian ar bhonn cás ar chás agus go bhfuil údar maith leis, bunaithe ar an riachtanas agus comhréireacht an chuspóra atá i gceist. Ní mór go mbeidh ar chumas an fhostóra a léiriú an chúis go bhfuil úsáid píosaí scannánaíochta CCTV riachtanach le fianaise a sholáthar in ábhar smachta, agus go bhfuil a rochtain ar phíosaí scannánaíochta CCTV comhréireach agus teoranta ó thaobh scóip imscrúdaithe ar ábhar áirithe. I gcásanna den sórt sin, ní fhéachtar ar chearta agus ar ionchais fostaithe i leith príobháideachas mar shárú ar leasanna an fhostóra agus níor chóir go bhfeacfaí ar chearta cosanta sonraí fostaithe mar bhacainn ó thaobh imscrúdú a dhéanamh ar eachtraí tromchúiseacha.

Leagtar amach sa chás-staidéar thíos, 'Cás-Staidéar 2 Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Cosanta Sonraí 21 Bealtaine – 31 Nollaig 2018', sampla den chineál seo próiseála ag fostóir.

[11] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le TCI a úsáid i limistéir ina bhfuil ionchas méadaithe príobháideachta ann

### *Cás-Staidéar: Píosa scannánaíochta CCTV a chuireann beár ar fáil d'fhostóir (An Dlí is Infheidhme — na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (na hAchtanna))*

Fuaireamar gearán in aghaidh beár i lár na cathrach inar líomhnaíodh go ndearnadh sonraí pearsanta an ghearánaigh a bhí ar phíosa scannánaíochta CCTV a nochtadh le fostóir i ngan fhios don ghearánach agus gan toiliú uaidh agus ní raibh comharthaíocht cheart CCTV crochta suas sa bheár a chuirfeadh an pobal ar an eolas go raibh taifeadadh CCTV ar siúl.

Fuaireamar amach, le linn imscrúdaithe, gur óstáil an eagraíocht fostóra imeacht sóisialta don áit oibre sa bheár ar an oíche a bhí i gceist. Bhí an gearánach mar fhostaí de chuid na heagraíochta agus d'fhreastail sé ar imeacht sóisialta na háite oibre sa bheár. Tharla eachtra lena raibh baint ag an ngearánach agus ag fostaí eile i gcomhthéacs an imeachta shóisialta don áit oibre agus rinneadh líomhain gur tharla ionsaí tromchúiseach. Cuireadh fios ar an nGarda Síochána an oíche a bhí i gceist agus thuairiscigh an bainisteoir a bhí ann ag an am agus an príomhfhreastalaí an eachtra den dara huair I stáisiún na nGardaí an lá dár gcionn. Fuaireamar amach go raibh an eagraíocht fostóra ar an eolas maidir leis an eachtra agus go ndearnadh teagmháil leis an mbeár leis na tuairiscí a bhí faighte a dhearbhú. Ar deireadh, thug bainisteoir an bheáir cead don oifigeach acmhainní daonna ón eagraíocht fostóra féachaint ar an bpíosa scannánaíochta CCTV san áitreabh. Bhreithnigh an t-oifigeach acmhainní daonna, tar éis dó/dí féachaint ar an bpíosa scannánaíochta go mbeadh ar chumas na heagraíochta fostóra aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist leis an ngearánach. Thug bainisteoir an bheáir cead ansin don oifigeach acmhainní daonna cóip den phíosa scannánaíochta a thógáil ar fhón póca mar nach raibh an tsaoráid íoslódála an phíosa scannánaíochta ag obair.

Bhreithnigh an DPC cibé an raibh bunús dlí ann, faoi fhorais 'leasanna dlisteanacha' an rialaitheora sonraí nó tríú páirtí faoi Alt 2A(1)(d) de na hAchtanna, go ndearna an bear próiseáil ar shonraí pearsanta an ghearánaigh trí phíosa scannánaíochta CCTV a sholáthar don eagraíocht fostóra. Ceadaíonn an foras seo próiseáil atá 'riachtanach chun críocha leasanna dlisteanacha atá á leanúint ag rialaitheoir sonraí nó ag tríú páirtí nó ag páirtithe ar nochtadh na sonraí leo seachas sa chás nach raibh údar leis an bpróiseáil in aon chás ar leith mar gheall ar dhochar do chearta bunúsacha agus saoirsí leasanna dlisteanacha an duine is ábhar do na sonraí'.

Thug an DPC, le linn a bheith i mbun anailíse ar an gcás seo, ar aird, breithiúnas an CJEU sa chás maidir le slándáil réigiúnach na bpóilíní i Riga inar bhreithnigh an CJEU feidhmiú Airteagal 7(f) den Treoir um Chosaint Sonraí (95/46/EC) ar a bhfuil Alt 2A(1)(d) de na hAchtanna bunaithe agus aithníodh trí choinníoll mar a leanas nach mór don phróiseáil freastal orthu chun údar maith a bheith leis an bpróiseáil:

a) Ní mór gurbh ann do leas dlisteanach a thugann údar leis an bpróiseáil;
b) Ní mór go mbeadh próiseáil na sonraí pearsanta riachtanach do chur i gcrích an leasa dhlisteanaigh; agus
c) Ní mór go mbeadh tús áite ag an leas dlisteanach thar chearta agus thar leasanna an duine is ábhar do na sonraí.

Fuair an DPC amach, le linn an imscrúdaithe, go raibh, ag eascairt as an eachtra a bhí I gceist, líomhain ann maidir le heachtra thromchúiseach a rinne an gearánach i gcoinne comhghleacaí agus gur chuir an beár cóip de phíosa scannánaíochta CCTV ar fail d'fhostóir an ghearánaigh, ionas go mbeadh ar chumas an fhostóra imscrúdú ceart a dhéanamh ar an eachtra agus ar an líomhain a bhí déanta. Thóg an DPC san áireamh, mar gur tharla an eachtra le linn imeachta áite oibre a bhí ag an eagraíocht fostóra, go bhféadfadh an fostóir a bheith freagrach as aon ghortuithe d'fhostaí a d'fhéadfadh tarlú le linn na heachtra. Dá réir sin, rinneadh an phróiseáil ar an CCTV ar mhaithe le hoibleagáidí na heagraíochta fostóra le sláinte agus sábháilteacht a cuid fostaithe a chosaint. Mar go raibh an CJEU den tuairim roimhe seo gur leas dlisteanach atá i gcosaint sláinte, bhí an DPC sásta go raibh leas dlisteanach mar údar maith leis an bpróiseáil. Bhreithnigh an DPC freisin go raibh nochtadh CCTV sa chás seo riachtanach mar gheall ar na leasanna dlisteanacha a bhí á leanúint ag an eagraíocht fostóra ionas go mbeadh ar a gcumas líomhaintí maidir le héagóir i gcoinne an ghearánaigh a imscrúdú agus a dheimhniú.

Bhreithnigh an DPC, ag teacht le ráiteas Ardabhcóide Bobek an CJEU sa chás maidir le slándáil réigiúnach na bpóilíní i Riga, go bhfuil sé tábhachtach nach mbaintear úsáid as cosaint sonraí ar bhealach bacúil, sa chás go bhfuil méid teoranta sonraí pearsanta I gceist. Sna cúinsí seo, bhreithnigh an DPC go mbeadh sé míréasúnta a bheith ag súil go ndiúltódh an beár iarratas ón eagraíocht fostóra féachaint air agus cóip a thógáil den phíosa scannánaíochta CCTV, i gcoinne cúlra líomhaintí ionsaí tromchúiseach sa bheár, go háirithe sa chás na sonraí pearsanta a bheith teoranta don eachtra a bhí i gceist agus nár nochtadh iad seachas sin.

Maidir leis an gceist ó thaobh cothromaíocht a dhéanamh ar leas na heagraíochta fostóra agus cearta agus leasanna an ghearánaigh, thug an DPC aird go príomha ar chomhthéacs na próiseála, nuair a fuair an beár iarratais féachaint ar phíosa scannánaíochta CCTV agus sa mhéid gur tharla eachtra thromchúiseach san áitreabh, a mheas an DPC a bheith sách tromchúiseach le tuarascáil a thabhairt don Gharda Síochána. D'fhéadfadh sé dá mba rud é go ndiúltófaí an t-iarratas go gcuirfeadh sé bac ar imscrúdú iomlán a dhéanamh ar ionsaí thromchúiseach a bhí líomhnaithe. Dá réir sin, bhreithnigh an DPC go raibh sé réasúnach, go raibh údar maith leis agus go raibh sé riachtanach go ndéanfaidh próiseáil sa bheár ar phíosa scannánaíochta CCTV tríd an ábhar sin a chur ar fáil don eagraíocht fostóra agus go raibh tús áite ag leas dlisteanach na heagraíochta fostóra ar chearta agus ar shaoire an ghearánaigh, go háirithe nuair nach raibh sonraí pearsanta a bhí íogair i gceist agus nach raibh próiseáil iomarcach i gceist ach oiread.

Ó thaobh na bhfíricí, bhí an DPC sásta freisin go raibh comharthaíocht leordhóthanach sa bheár leis na custaiméirí a chur ar an eolas maidir le húsáid CCTV chun na críche foireann agus custaiméirí a chosaint agus le coiriúlacht a chosc agus in easnamh aon fhianaise eile a chuir an gearánach ar fáil, bhí an gearánach ar an eolas go raibh CCTV ag feidhmiú le linn an ama a bhí i gceist.

Bíonn dul amú uaireanta ar na daoine is ábhar do na sonraí, i go leor de na gearáin a láimhseálann an DPC, nár thug siad toiliú do phróiseáil a dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta, agus go bhfuil sé go neamhdhleathach mar sin. Mar sin féin, tá líon bunús dlí ann seachas toiliú a thugann údar maith le próiseáil ag brath ar na himthosca áirithe. Maidir le húdar le leasanna dlisteanacha, ceisteoidh an DPC go grinn cibé a sásaíonn imthosca na próiseála na gnéithe atá léirithe ag an CJEU nach mór a bheith ann ionas go mbeidh rialaitheoirí sonraí in ann brath ar an mbunús dlí seo. Ar an mbealach céanna, áfach, leagan an DPC béim sa chás go bhfreastalaíonn imthosca i ndáiríre ar an tairseach atá riachtanach leis an údar seo, de réir dearcadh Ardabhcóide Bobek an CJEU, níor choir titim cosaint sonraí pearsanta as a chéile a bheith mar bhac ar fíor-leasanna dlisteanacha ag sonraí pearsanta.

## Nochtadh CCTV do Thríú Páirtithe

Is minic, go bhféadfadh sé go n-iarrfaí ar rialaitheoir sonraí taifid CCTV a nochtadh do thríú páirtithe chun críche seachas na críche a bhfuarthas iad i dtús báire. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, nuair a fhaightear iarratas ón nGarda Síochána nó ó chomhlacht forfheidhmithe dlí eile, maidir le píosa scannánaíochta CCTV a chur ar fail chun cuidiú le cion coiriúil a imscrúdú. Sna himthosca sin, moltar nár chóir toiliú iarratais ar phíosaí scannánaíochta CCTV a thabhairt nó go bhfaigheann an rialaitheoir iarratas foirmiúil i scríbhinn ina luaitear go bhfuil an Garda Síochána (nó chomhlacht forfheidhmithe dlí eile) i mbun imscrúdaithe ar ábhar coiriúil. Chun críocha praiticiúla agus chun luas a chur faoi iarratas i gcásanna a bhfuil práinn leo, d'fhéadfadh iarratas ó bhéal a bheith leordhóthanach chun cead a fháil leis na píosaí scannánaíochta atá á lorg a chur ar fáil. Mar sin féin, ní mór go leanfaidh iarratas foirmiúil i scríbhinn iarratas ar bith ó bhéal den chineál sin. Chun críocha cuntasachta, ní mór go ndéanfadh rialaitheoir sonraí agus próiseálaithe cothabháil ar thaifid de na hiarratais go léir ón nGarda Síochána, agus mionsonraí a bheith sa taifead maidir le haon phíosaí scannánaíochta a cuireadh ar fáil.

Mar a tugadh ar aird sa chás-staidéar sa chuid roimhe seo, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar rialaitheoir sonraí píosaí scannánaíochta CCTV a chur ar fáil do thríú páirtí ar mhaithe le himscrúdú a dhéanamh ar eachtra. Ní mór, i gcásanna den sórt sin, an nós imeachta measúnaithe céanna a fheidhmiú chun na críche nua is a cuireadh i bhfeidhm chun na críche bunaidh, chun a chinneadh an bhfuil údar maith leis ó thaobh leas dlisteanach dáiríre rialaitheora sonraí nó páirtí eile a bhaint amach. Ní mór measúnú a dhéanamh ar thorthaí den sórt sin ar bhunús cás ar chás lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na prionsabail cosanta sonraí agus nach bhfuil díobháil á dhéanamh do chearta daoine aonair. Ní mór a thabhairt ar aird, nach gcuireann leasanna dlisteanacha tríú páirtí oibleagáid ar rialaitheoir sonraí píosaí scannánaíochta CCTV a nochtadh, ach d'fhéadfaí nochtadh den sórt sin a cheadú faoi réir ag measúnú.

## Rochtain chuig CCTV a chur ar fáil d'Ábhair Sonraí

Déanann an dlí cosanta sonraí foráil do cheart rochtana a gcuid sonraí pearsanta do dhaoine aonair. Baineann sé seo le duine aonair ar bith a bhfuil taifeadadh déanta ar a íomhá/ar a híomhá ar chóras CCTV. Nuair a fhaigheann rialaitheoir sonraí iarratas rochtana chuig sonraí CCTV, ní mór dóibh an t-iarratas sin a fhreagairt laistigh d'aon mhí amháin de ghnáth.

Chun próiseáil an iarratais a éascú, d'fhéadfadh an rialaitheoir a iarraidh ar an duine aonair léiriú réasúnach a thabhairt maidir le ham agus le dáta an phíosa scannánaíochta atá á lorg acu. Má tá an taifeadadh scriosta cheana féin ar an dáta a

bhfuarthas an t-iarratas, agus go bhfuil an tréimhse choinneála sainithe imithe in éag, ní mór an duine aonair a chur ar an eolas nach bhfuil an píosa scannánaíochta ann níos mó. Má tá iarratas rochtana faighte, níor chóir an píosa scannánaíochta a scrios go dtí go gcomhlíonfaidh an t-iarratas.

Tá cóip a sholáthar den phíosa scannánaíochta i bhfoirm físeáin i gceist le freagairt d'iarratas rochtana de ghnáth, chomh maith le faisnéis mionsonraithe a sholáthar maidir leis an mbunús dlí leis an scannánaíocht, agus le haon nochtadh a d'fhéadfadh a bheith déanta. Sa chás nach féidir an píosa scannánaíochta a chóipeáil go teicniúil ar ghaireas eile, nó in imthosca eisceachtúla, d'fhéadfadh sé a bheith inghlactha pictiúir d'ábhar neamhbheo a chur ar fáil mar mhalairt ar phíosa scannánaíochta. Sa chás go gcuirtear pictiúir d'ábhar neamhbheo ar fáil, bheadh sé riachtanach ábhar neamhbheo leordhóthanach a sholáthar d'achar an taifeadta ina bhfuil na híomhánna atá á lorg ag an iarratasóir le feiceáil ar mhaithe le cloí leis an oibleagáid cóip a sholáthar de na sonraí pearsanta go léir atá á gcoinneáil.

Sa chás go mbíonn íomhánna de pháirtithe eile seachas an ábhar sonraí atá ag déanamh an iarratais le feiceáil ar an bpíosa scannánaíochta CCTV, ní mór don rialaitheoir sonraí breithniú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, cibé an bhféadfadh scaoileadh píosa scannánaíochta nach bhfuil eagarthóireacht déanta air, 'dochar' a dhéanamh do chearta nó do shaoirsí tríú páirtí, ar nós a gcearta cosanta sonraí, ruin trádála nó cearta maoin intleachtúil ar nós cóipcheart. Ní mór don rialaitheoir tabhairt faoi thástáil cothromaithe idir cheart an ábhair sonraí (an t-iarratasóir) chun rochtana a chuid/a cuid sonraí pearsanta i gcoinne riosca aitheanta don tríú páirtí a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar nochtadh an phíosa scannánaíochta. Tugann an GDPR ar aird nár chóir go mbeidh diúltú mar thoradh ar na breithnithe seo ó thaobh na faisnéise ábhartha a chur ar fáil ábhar sonraí. Sa chás go bhfuil gá leis, d'fhéadfadh bearta picteilíniú nó seachas sin na híomhánna de pháirtithe inaitheanta a dhéanamh anaithnid sula dtógtar cóip den phíosa scannánaíochta ón bpíosa scannánaíochta a chuirtear ar fáil don iarratasóir. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh an rialaitheoir sonraí toiliú na bpáirtithe sin a bhfuil a n-íomhánna le feiceáil sa phíosa scannánaíochta a fháil chun cóip nach bhfuil eagarthóireacht déanta air agus ina bhfuil a gcuid íomhánna a chur ar fáil don iarratasóir.

Ní mór go mbeidh nós imeachta i bhfeidhm ag rialaitheoirí sonraí córais CCTV le haon iarratais ar rochtain chuig sonraí a fhreagairt gan mórán moille. D'fhéadfadh sé go náireodh sé seo próiseálaí tríú páirtí a aithint chun eagarthóireacht a dhéanamh ar phíosa scannánaíochta, íomhánna den iarratasóir a fháil ar ais agus íomhánna duine ar bith eile a chur in eagar mar is gá. Is féidir faisnéis a sholáthar trí láithreán gréasáin phoiblí chun an pobal a éascú ó thaobh iarratais rochtana a dhéanamh agus suíomh, am agus dáta aon phíosa scannánaíochta ar mhian leo a rochtain a aithint.

## Faireachas faoi Cheilt

Go ginearálta, tá úsáid meicníochtaí taifeadta le sonraí a fháil i ngan fhios don duine aonair mídhleathach. De ghnáth, ní cheadaítear faireachas faoi cheilt ach ar bhonn eisceachtúil cás ar chás, sa chás go bhfuil na sonraí á gcoinneáil chun críocha cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh. Tugann an fhoráil seo le fios go huathoibríoch nach mór beartas sonrach i scríbhinn a bheith I bhfeidhm ina dtugtar mionsonraí maidir le cuspóir, údar, nós imeachta, bearta agus cosaintí a chuirfear i bhfeidhm leis an gcuspóir dheiridh, sé sin rannpháirtíocht ghníomhach an Gharda Síochána nó údaráis ionchúisimh eile ó thaobh imscrúdú coiriúil a d'fhéadfadh a bheith ann nó imeachtaí dlí sibhialta atá á n-eisiúint, agus atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar chion(cionta) coiriúla líomnaithe a dhéanamh.

Ní mór go mbeidh faireachas faoi cheilt fócasaithe agus é sin a dhéanamh ar feadh achar gearr. Ba chóir tabhairt faoi DPIA sula suiteáiltear aon chóras faoi cheilt, le measúnú soiléir a dhéanamh cibé an bhfuil údar maidir leis an mbeart ar bhonn riachtanais agus comhréireachta leis an gcuspóir atá i gceist a bhaint amach. Níor choir ach daoine aonair/láithreacha sonracha (agus ábhartha) a thaifeadadh. Mura bhfaightear aon fhianaise laistigh de thréimhse réasúnach, ba chóir an faireachas a stopadh. Má tá sé i gceist leis an bhfaireachas cosc a chur ar choiriúlacht, d'fhéadfaí ceamaraí follasacha a bhreithniú mar bheart níos cuí agus nach sáraíonn príobháideachas an duine aonair chomh mór sin.

Sa bhreis air sin, má tá próiseálaí sonraí bainteach le faireachas faoi cheilt, ní mór do rialaitheoirí a thabhairt ar aird go mbeidh conradh próiseálaí sonraí riachtanach.

## Aghaidh-Aithint agus Sonraí Bithmhéadracha

D'fhéadfadh gnéithe teicniúla sonracha de chórais CCTV áirithe, ar nós úsáid a bhaint as aghaidh-aithint, a bheith mar fhachtóir le cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbunús ar féidir na sonraí a phróiseáil go dleathach. Tá céim mheaitseála i gceist le haghaidhaithint tráth a gcláraítear agus a ndéantar taifeadadh ar aghaidheanna a bhí le feiceáil roimhe seo ionas nuair a bhíonn siad le feiceáil arís go ndéantar iad a mheaitseáil agus gur féidir an duine aonair atá i gceist a aithint go huathúil. Breithnítear próiseáil ó thaobh aghaidh-aithint mar phróiseáil bithmhéadrach agus dá réir sin déantar catagóiriú ar na sonraí a phróiseáiltear mar "chatagóir speisialta" sonraí pearsanta faoi réir ag ceanglais an GDPR, ina leagtar amach tuilleadh coinníollacha le próiseáil dhleathach sonraí a chur ar fáil.[12]

[12] Féach Airteagal 9 den GDPR

Ba chóir breithniú a dhéanamh ar aon phróiseáil sonraí bithméadracha as féin ó úsáid rialta córais CCTV agus ní mór do na rialaitheoirí sonraí atá páirteach i bpróiseáil den sórt sin na céimeanna go léir a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh creataí reachtaíochta cosanta sonraí.

## TCI a úsáid i limistéir ina bhfuil ionchas méadaithe príobháideachta ann

Tríd is tríd, níor cheart do rialaitheoirí sonraí teilifís ciorcaid iata (TCI) a úsáid in imthosca ina bhfuil ionchas réasúnta ard príobháideachta ann.[13] For example, individuals have the highest expectation of privacy when using the changing rooms of a clothes shop or the cubicles in the toilet facilities of a restaurant. Using CCTV to monitor individuals in these specific areas will likely contravene the GDPR in nearly all circumstances, as the level of intrusiveness and impact on individuals will not be warranted in light of the purposes for its use.

Is maith is eol do dhaoine aonair a fhreastalaíonn ar ionaid siopadóireachta go bhfuil roinnt ceamaraí TCI i bhfeidhm iontu chun críocha dlisteanacha éagsúla, amhail coireanna a bhrath agus a chosc, agus tá siad ag súil leis na ceamaraí sin. Tá siad ag súil leis freisin go mbeidh TCI in úsáid ag siopaí sonracha laistigh den ionad siopadóireachta chun críocha comhchosúla. Mar sin féin, tá sé réasúnach talamh slán a dhéanamh de nach mbeadh daoine aonair ag súil le húsáid físfhaireachais i gcubhachailí leithris san ionad siopadóireachta ná i seomra gléasta laistigh de shiopaí. Dá bhrí sin, ní mór do rialaitheoirí sonraí a bheith aireach gurb amhlaidh, i bhformhór na gcásanna inar mian leo TCI a imscaradh i limistéir den sórt sin, nach mbeidh sé sin cothrom do na pátrúin, tríd is tríd.  Fiú amháin i gcás go bhfuil réasúnaíocht ann le TCI a imscaradh i limistéir den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist thromchúiseach dhlisteanach, ní dóigh go dtabharfaidh an réasúnaíocht sin údar go fóill le faireachas leictreonach leanúnach ná le hardleibhéal ionsá.

[13] Is rud atá sonrach don chás é a chinneadh cad is ionchas réasúnach príobháideachta ann. Beidh sé ag brath ar an ionchas iarbhír príobháideachta atá ag duine agus ar cé acu, sna himthosca uile, a mheasfadh nó nach measfadh an tsochaí an t-ionchas sin a bheith réasúnach. Ní bhaineann an cheist le cé acu atá nó nach bhfuil duine aonair ar leith ag súil leis an bpróiseáil i ndáiríre. Is é an rud atá tábhachtach anseo ná cé acu, ar an iomlán, ba cheart nó nár cheart don duine a bheith ag súil leis an bpróiseáil sa tacar foriomlán imthosca. Tá tuilleadh faisnéise faoi na hionchais atá ag úsáideoirí leagtha amach i míreanna 36-39 de Threoirlínte 3/2019 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil trí fhísghléasanna

Mar sin féin, is féidir go mbeidh imthosca ann inar féidir le rialaitheoir a léiriú gur ceadmhach TCI a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar limistéir in aice le seomra gléasta nó cubhachail, nó ina gcomharsanacht, toisc gur féidir go mbeidh ionchas réasúnach príobháideachta an úsáideora níos ísle sna limistéir sin. Tá an tairseach le haghaidh údar a thabhairt le TCI a úsáid i limistéir den sórt sin an-ard go fóill agus beidh sé dúshlánach ag rialaitheoirí sonraí an tairseach sin a chomhlíonadh, áit a mbeidh orthu dianscrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí cosanta sonraí uile do dhaoine aonair roimh an imscaradh.

Chun a léiriú go bhfuil TCI á úsáid ar bhealach comhlíontach, ní mór do rialaitheoir sonraí a léiriú:

i. Go bhfuil TCI á úsáid aige/aici ar bhealach a chomhlíonann na prionsabail um chosaint sonraí agus go bhfuil aidhm dhlisteanach á saothrú aige/aici;[14]
ii. Go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach TCI a úsáid, agus aird á tabhairt ar na cearta agus na leasanna atá ag ábhair sonraí;[15] agus
iii. Go ndearnadh na rioscaí uile a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil a shainaithint, a mheasúnú agus a íoslaghdú go leibhéal inghlactha.

Dá bhrí sin, ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí sainaithint, agus scrúdú cúramach, a dhéanamh ar na saincheisteanna dlisteanacha uile atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu trí TCI a úsáid sna limistéir lena mbaineann. Ceanglaítear orthu freisin measúnú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta cuí a thabharfaidh cosaint leordhóthanach do leasanna na ndaoine aonair a úsáidfidh saoráidí den sórt sin. Is gá é sin a dhéanamh roimh an imscaradh.

### *Fadhb Thromchúiseach*

Níor cheart TCI a imscaradh in áiteanna a bhfuil ionchas réasúnach príobháideachta aonair ann ach amháin i gcás ina bhfuil fadhb dhoiciméadaithe an-tromchúiseach ann.[16] Má tá sé beartaithe ag rialaitheoirí sonraí TCI a shuiteáil i limistéir den sórt sin, beidh ar na ceamaraí a bheith i suíomh inar féidir leo fianaise mhionsonraithe a sholáthar, ar fianaise í lena dtugtar údar soiléir lena n-úsáid ag aon am ar leith.

Dá bhrí sin, ní mór do rialaitheoirí sonraí an méid seo a leanas a shuí:

[14] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Dlíthiúlacht na Próiseála, Trédhearcacht agus Cuntasacht
[15] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Riachtanas agus Comhréireacht
[16] Bheadh ar an rialaitheoir fianaise fhíorláidir a sholáthar ar a thromchúisí atá na saincheisteanna a bhfuil sé/sí ag iarraidh aghaidh a thabhairt orthu. Ní thabharfadh saincheisteanna nach bhfuil sách tromchúiseach – amhail glaineacht na saoráide a chothabháil nó eachtra iompraíochta frithshóisialta aonair – aon údar le TCI a úsáid i láithreacha den sórt sin.

1. Tá an fhadhb/na fadhbanna a bhfuil aghaidh á tabhairt uirthi/orthu sách tromchúiseach chun údar a thabhairt le TCI a úsáid i láithreacha den sórt sin;
2. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb/na fadhbanna trí bhearta nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna;
3. Tugann an úsáid TCI aghaidh ar na fadhbanna a sainaithníodh; agus
4. Rinneadh measúnú iomlán ar na rioscaí atá roimh ábhair sonraí a úsáideann na saoráidí agus maolaíodh na rioscaí sin go leibhéal inghlactha.

Chun an méid thuas a bhaint amach, ba cheart don rialaitheoir scála, raon feidhme, cineál agus méid na saincheisteanna atá i gceist a mheasúnú, a thuiscint agus a dhoiciméadú go hiomlán.

Tá an seicliosta ceisteanna seo a leanas ábhartha i ndáil le cineál na faidhbe a bhfuil aghaidh le tabhairt uirthi a thuiscint:

- ✓ Cad atá i gcineál na faidhbe agus cé chomh tromchúiseach agus atá sí?
- ✓ An bhfuil an fhadhb sonrach don láthair? Cén áit a dtarlaíonn an fhadhb nó cén áit a dtarlaíonn sí go príomha?
- ✓ An dtarlaíonn an fhadhb ag amanna nó laethanta ar leith? Mar shampla, 24/7, gan ach ar oícheanta Aoine agus Shathairn, nó b'fhéidir nach bhfuil aon phatrún ar bith ann.
- ✓ Cé chomh fada agus atá an fhadhb ag tarlú? An bhfuil an fhadhb measartha nua nó ag teacht chun cinn faoi láthair nó an bhfuil sí ag tarlú le tréimhse fhada anuas?
- ✓ Ar tháinig athrú ar mhéid na faidhbe le himeacht ama? Ar éirigh an fhadhb níos measa le himeacht ama, an bhfuil sí gan athrú, nó ar tháinig feabhas ar an scéal, fiú? Má tháinig athrú ar an bhfadhb, cén uair a tháinig athrú uirthi, e.g., sa mhí seo a chuaigh thart, sna sé mhí seo a chuaigh thart, sa bhliain seo a chuaigh thart?
- ✓ An gcruthaíonn an fhadhb aon fhadhbanna eile? An spreagtar aon fhadhbanna eile mar gheall ar an bhfadhb a bheith ann?
- ✓ Cé na cúiseanna atá taobh thiar den fhadhb?
- ✓ Cén toradh atá á shaothrú agat?
- ✓ Cé na bearta eile, más ann, a breithníodh chun deireadh a chur leis an bhfadhb nó chun í a laghdú?[17]
- ✓ Cé hiad na hábhair sonraí? Cén fhaisnéis atá le bailiú?
- ✓ An áirítear leo leanaí nó grúpaí soghonta?

[17] Mar shampla, an bhféadfaí an riosca a ghabhann leis an bhfadhb a mhaolú go leordhóthanach trí shoilsiú níos fearr nó bearta slándála fisiciúla níos fearr a chur i bhfeidhm? An gá an ceamara a oibriú ar bhonn leanúnach? Má chuireann sé/sí bearta eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna as an áireamh, ba cheart do rialaitheoir sonraí a bheith in ann cúiseanna bailí a thabhairt le gan brath orthu agus lena roghnú TCI a úsáid.

- ✓ Cén scála agus fada ama atá i gceist leis an bpróiseáil?

Cabhróidh na freagraí ar an seicliosta ceisteanna thuas le rialaitheoir sonraí sainaithint a dhéanamh ar chomhthéacs agus críocha na próiseála atá beartaithe. Cabhróidh siad freisin le measúnú a dhéanamh ar cé acu a éireoidh nó nach n-éireoidh leis an úsáid TCI i láithreacha den sórt sin an fhadhb a réiteach. Mar shampla, más é an cuspóir atá i gceist iompraíocht fhrithshóisialta thromchúiseach a laghdú i saoráidí leithris de bhialann ag am ar leith, an féidir leis an rialaitheoir measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'éirigh nó nár éirigh leis an idirghabháil? An féidir leis an rialaitheoir a shainaithint, a mheasúnú agus a léiriú nach raibh bearta nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna cuí maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna tromchúiseacha? Ba cheart don úsáid TCI a bheith ina freagairt riachtanach chomhréireach don fhadhb a bhfuil rialaitheoirí sonraí ag tabhairt aghaidh uirthi. Mar sin, ba cheart do rialaitheoirí sonraí breithniú cúramach a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart dóibh córas faireachais a úsáid i gcás go bhfuil roghanna eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna ar fáil agus go bhfuil na roghanna sin éifeachtach. Ar deireadh, ní mór don rialaitheoir sonraí a bheith in ann a léiriú go bhfuil an phróiseáil riachtanach agus comhréireach i bhfianaise na n-ábhar imní atá i gceist.

| |
|---|
| Cinneann rialaitheoir sonraí TCI a úsáid ina limistéir leithris phoiblí chun iompraíocht fhrithshóisialta thromchúiseach a dhíspreagadh. Níl aon fhianaise dhoiciméadaithe ag an rialaitheoir sonraí ar iompraíocht den sórt sin ná ar na hamanna a líomhnaítear gur tharla sí. Ní dhéanann an rialaitheoir sonraí aon bhreithniú ach oiread ar cé acu a éireoidh nó nach n-éireoidh le bearta nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna an cuspóir atá aige/aici a bhaint amach. In imthosca den sórt sin, beidh an-deacracht ag rialaitheoir sonraí a léiriú go bhfuil údar ann le TCI a úsáid ina limistéir leithris. |

| |
|---|
| Má thugtar le tuiscint san fhianaise dhoiciméadaithe atá ag rialaitheoir sonraí a ritheann bialann teaghlaigh go mbíonn iompraíocht fhrithshóisialta thromchúiseach ag tarlú go tráthrialta ina leithris tar éis 9pm ag an deireadh seachtaine, is dóigh, i gcás go dtaifeadtar go leanúnach na daoine go léir a úsáideann an tsaoráid lasmuigh den am ar leith sin, go mbeidh imscaradh TCI ina bheart díréireach maidir leis an gcuspóir atá i gceist a bhaint amach. |

Glactar leis go bhfuil sé de cheart ag rialaitheoir sonraí bearta a dhéanamh chun a f(h)oireann, a c(h)ustaiméirí agus a m(h)aoin a chosaint ar shaincheisteanna amhail iompraíocht fhrithshóisialta, loitiméireacht, etc.  Mar sin féin, ní mór bearta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a chur chun feidhme ar bhealach

trédhearcach comhréireach a fhágann nach sárófar go héagórach na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair.

### *Trédhearcacht agus Cothroime*[18]

Ní mór do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go bhfuil daoine aonair a bhfuil faireachán á dhéanamh orthu le TCI ar an eolas go hiomlán go bhfuil siad á dtaifeadadh. Ba cheart fógraí agus comharthaí a bheith níos feiceálaí agus níos minice sna limistéir sin. Ba cheart iad a bheith suite in áit ar féidir le daoine aonair imthosca an taifeadta a aithint go héasca sula dtéann siad isteach sna limistéir a bhfuil faireachán á dhéanamh orthu. Fiú amháin i gcás gur féidir le rialaitheoirí sonraí bunús dleathach dlisteanach a thabhairt le TCI a úsáid, is féidir nach mbeidh siad in ann prionsabal na cothroime a shásamh go fóill i gcás go bhfuil duine aonair á g(h)abháil cheana féin le taifeadadh TCI sa limistéar a bhfuil faireachán á dhéanamh air agus é/í ag léamh na rabhadh faoin teicneolaíocht an-ionsáiteach faireachais den chéad uair.

### *Measúnú a Dhéanamh ar an Riosca do Dhaoine Aonair*

Ós rud é gur dóigh go ndéanfaidh an phróiseáil bheartaithe sonraí pearsanta dochar do dhaoine aonair, is gá don rialaitheoir measúnú a dhéanamh ar na rioscaí sula ndéanfar aon phróiseáil.

Moltar go láidir go ndéanfadh rialaitheoirí sonraí measúnuithe cuí mionsonraithe (amhail Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí agus/nó measúnú leasa dhlisteanaigh)[19] do gach cás ina bhfuil TCI le himscaradh sna limistéir lena mbaineann. Trí na measúnuithe sin a dhéanamh, tabharfar do rialaitheoir sonraí an deis is fearr chun comhlíonadh RGCS a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart do rialaitheoirí sonraí dul i gcomhairle le gach duine a úsáideann na saoráidí lena mbaineann (i.e., an fórsa saothair, custaiméirí, etc.) mar chuid den phróiseas measúnaithe.

Má tá sé beartaithe TCI a úsáid i limistéir a mbíonn leanaí ag tarraingt orthu, beidh measúnú tionchair ar chosaint sonraí ag teastáil ar aon dul leis na Treoirlínte ‘Bunphrionsabail na Leanaí’.[20] Dá réir sin, má tá scoil ag smaoineamh faoi TCI a imscaradh ina saoráidí leithris, beidh uirthi measúnú tionchair cuimsitheach ar chosaint sonraí a dhéanamh roimh an bpróiseáil, ar measúnú é ina léirítear go ndearnadh na rioscaí a shamhlaítear a mhaolú go leibhéal ceadaithe agus go gcomhlíonann an phróiseáil a shamhlaítear RGCS.

---

[18] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Trédhearcacht agus Cuntasacht
[19] Féach leathanaigh 21-24 de na Treoirlínte maidir le Leasanna Dlisteanacha
[20] Féach leathanach 62

### *Rioscaí a Mhaolú*

Is féidir le rialaitheoir roinnt beart a dhéanamh chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an gcineál próiseála seo:[21]

- Cuir bearta chun feidhme chun a chinntiú nach ngabhfaidh an réimse radhairc TCI ach an limistéar beartaithe (is féidir le teicnící amhail mascadh nó sciathadh a bheith úsáideach maidir leis an gcríoch sin a bhaint amach).
- Cinntigh go bhfuil TCI i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist thromchúiseach shonrach lena mbaineann agus déan breithniú ar a chuí atá a fheidhmiúlacht/a dhearadh i bhfianaise na críche sin.[22]
- Doiciméadaigh an breithniú/an measúnú a rinneadh ar bhearta eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna.
- Soláthair comharthaí soiléire feiceálacha ag an mbealach isteach chuig na limistéir a bhfuil faireachán á dhéanamh orthu agus faoi bhun an cheamara laistigh den tsaoráid.[23]
- Cinntigh go bhfuil slándáil leordhóthanach agus srianta leordhóthanacha ar amharc ar íomhánna agus ar íomhánna a nochtadh i bhfeidhm dóibh sin a úsáideann an córas:[24]
    - Tá rochtain teoranta do mhaoirseoirí ar leith i dtimpeallacht shlán atá faoi ghlas.
    - Soláthraítear oiliúint i slándáil TF do na maoirseoirí a bhfuil rochtain acu.
    - Tá cianrochtain teoranta do threoraí tionscadail TCI amháin agus do chríocha sonraithe riachtanacha – i.e., críocha cothabhála – agus do na críocha sin amháin.
    - Tá rochtain tríú páirtí teoranta d'innealtóirí córais ar mhaithe le cothabháil nó d'iarrataí ón nGarda Síochána.
    - Tá TCI criptithe.
    - Déantar seiceálacha tráthrialta ar logaí córais (chun rochtain neamhúdaraithe a chosc) agus déantar iniúchtaí rialta le haghaidh cosaint pasfhocail.
- Déan athbhreithnithe tráthrialta chun a chinntiú go bhfuil údar ann go fóill le córais cheamara faireachais a úsáid.

[21] Ní liosta uileghabhálach é seo de na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh, agus ní gá go maolófar na rioscaí go leibhéal inghlactha trí mheascán de na bearta seo a úsáid
[22] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú
[23] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Trédhearcacht agus Cuntasacht
[24] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Slándáil Sonraí Pearsanta

I dteannta na nithe thuas, tá sé tábhachtach go mbeadh rialaitheoir sonraí in ann an méid seo a leanas a sholáthar:

- Beartas coinneála, beartas bainistíochta riosca agus beartas TCI atá doiciméadaithe.
- Comhaontuithe conartha agus comhaontuithe próiseála sonraí le soláthraithe TCI tríú páirtí, más iomchuí.[25]
- Nósanna imeachta chun bainistiú a dhéanamh ar iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí nó ar iarrataí eile ar chearta a fheidhmiú.
- Measúnuithe doiciméadaithe ar an bpróiseáil a rinneadh, agus rannpháirtíocht iomlán ó oifigeach cosanta sonraí nó ó shaineolaí ábhartha eile.

### *Teagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí*

Is dóigh go lorgófar na doiciméid seo a leanas ón rialaitheoir sonraí i gcás go mbeidh an Coimisiún ag déanamh measúnú ar ghearán nó ag déanamh cigireacht ar limistéar:

- Cóip de na measúnuithe a rinne an rialaitheoir sonraí. Ba ghá aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas sna doiciméid sin:
    - ➢ Fianaise dhoiciméadach ar an tsaincheist thromchúiseach nó ar an ábhar imní tromchúiseach.
    - ➢ Fianaise dhoiciméadach ar gach beart eile nach bhfuil chomh hionsáiteach céanna a breithníodh/a triaileadh sular suíodh TCI.
    - ➢ Fianaise dhoiciméadach ar na comhairliúcháin a rinneadh le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear baill foirne agus custaiméirí, sular suíodh TCI.
- Cóip den Bheartas Príobháideachta, go háirithe a mhéid a bhaineann sé le TCI a úsáid.
- Cóip den Bheartas Coinneála Sonraí, a mhéid a bhaineann sé le TCI a úsáid.[26]
- Cóip den Bheartas Bainistíochta Riosca.
- Measúnú cothromaithe leasa dhlisteanaigh, i gcás go bhfuil an rialaitheoir ag brath ar leas dlisteanach gnó mar bhunús dleathach le sonraí a c(h)ustaiméirí a phróiseáil le TCI.
- Fianaise go bhfuil comharthaí soiléire trédhearcacha i bhfeidhm roimh dhul isteach sna limistéir atá i gceist.
- Fianaise ar bheartas le haghaidh déileáil le custaiméir atá ag iarraidh na cearta ábhair sonraí atá aige/aici a fheidhmiú faoi Airteagail 12-22 RGCS.

---

[25] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Próiseálaithe Sonraí
[26] Féach an rannán de na treoirlínte ina bpléitear le Coinneáil

- Fianaise ar an gcomhairliúchán a rinneadh le hOifigeach Cosanta Sonraí (nó le duine aonair iomchuí eile).